Aonad 2: Séamus Ó Snodaigh

1. Cén t-ainm atá ar an scoil seo?
Meánscoil Naomh Fionntán an t-ainm atá ar an scoil.

2. Céard atá le feiceáil díreach os comhair na scoile?
Tá bus scoile le feiceáil os comhair na scoile.

3. Cén sórt scoile í?
Is scoil mhór í.

4. Cé hé Pól Mac an tSaoi?
Pól Mac an tSaoi an t-inm atá ar an bpríomhoide.

5. Cén sórt duine é?
Is fear cairdiúil é.

6. Luaigh trí rud a fheiceann tú in oifig an phríomhoide.
Feicim bord, cathaoir, planda, ríomhaire, grianghraf, pictiúir.

7. Cé hí Bean Uí Chathasaigh?
Is í Bean Uí Chathasaigh an leas-phríomhoide.

8. Cén rang atá ar siúl sa seomra ranga?
Tá rang mata ar siúl.

9. Cé mhéad dalta a fhreastalaíonn ar an scoil?
Freastalaíonn seacht gcéad dalta ar an scoil.

10. Conas a théann Séamau ar scoil?
Siúlann Séamus ar scoil.

11. An maith le Séamus a scoil nua meas tú?
Is maith le Séamus a scoil nua.

© An Comhlacht Oideachais